Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 25 Deireadh Fómhair 2022
(OR. en)

15781/17

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2017/0032 (NLE)**

**MOG 88**
**IRAQ 11**
**CFSP/PESC 1154**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh agus a Bhallstát, agus cur i bhfeidhm sealadach an Phrótacail a ghabhann leis an gComhaontú Comhpháirtíochta agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na hIaráice, den pháirt eile, chun aontachas Phoblacht na Cróite leis an Aontas Eorpach a chur san áireamh |

**CINNEADH (AE) 2018/... ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir le síniú,**
**thar ceann an Aontais Eorpaigh agus a Bhallstát,**
**agus cur i bhfeidhm sealadach an Phrótacail**
**a ghabhann leis an gComhaontú Comhpháirtíochta agus Comhair**
**idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt,**
**agus Poblacht na hIaráice, den pháirt eile,**
**chun aontachas Phoblacht na Cróite leis an Aontas Eorpach**
**a chur san áireamh**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 91, 100, 207 agus 209, i gcomhar le hAirteagal 218(5) de,

Ag féachaint d'Ionstraim Aontachais na Cróite, agus go háirithe Airteagal 6(2) di,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Síníodh an Comhaontú Comhpháirtíochta agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na hIaráice, den pháirt eile ('an Comhaontú'), an 11 Bealtaine 2012.

(2) I gcomhréir le hAirteagal 6(2) d'Ionstraim Aontachais na Cróite, tá aontachas Phoblacht na Cróite leis an gComhaontú le comhaontú trí bhíthin phrótacail (an 'Prótacal'). Beidh feidhm ag nós imeachta simplithe maidir le haontachas den sórt sin, trína dtabharfar prótacal i gcrích idir an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil thar ceann na mBallstát, agus an tríú tír lena mbaineann.

(3) An 14 Meán Fómhair 2012, d'údaraigh an Chomhairle don Choimisiún tús a chur le caibidlíocht leis na tríú tíortha lena mbaineann i bhfianaise aontachas Phoblacht na Cróite leis an Aontas. Tugadh an chaibidlíocht le Poblacht na hIaráice i gcrích go rathúil nuair a cuireadh inisealacha leis an bPrótacal an 24 Lúnasa 2016.

(4) Tá Poblacht na Cróite ina Ballstát den Aontas ón 1 Iúil 2013.

(5) Foráiltear le hAirteagal 5(3) den Phrótacal dá chur i bhfeidhm sealadach go dtí go dtiocfaidh sé i bhfeidhm.

(6) Ba cheart an Prótacal a shíniú agus a chur i bhfeidhm ar bhonn sealadach go dtí go gcomhlánófar go gcomhlíonfar na nósanna imeachta is gá chun go dtiocfaidh sé i bhfeidhm,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, údaraítear an Prótacal a ghabhann leis an gComhaontú Comhpháirtíochta agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na hIaráice, den pháirt eile, chun aontachas Phoblacht na Cróite leis an Aontas Eorpach a chur san áireamh a shíniú thar ceann an Aontais agus a Bhallstát, faoi réir an prótacal sin a thabhairt i gcrích.

Tá téacs an Phrótacail i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Leis seo, údaraítear d'Uachtarán na Comhairle an duine (na daoine) a ainmniú a mbeidh sé de chumhacht aige/acu an Prótacal a shíniú, thar ceann an Aontais agus a Bhallstát.

*Airteagal 3*

Cuirfear an Prótacal i bhfeidhm ar bhonn sealadach, i gcomhréir le hAirteagal 5(3) de, amhail ón 1 Iúil 2013, go dtí go gcomhlánófar na nósanna imeachta is gá chun go dtiocfaidh sé i bhfeidhm.

*Airteagal 4*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*